An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

# Tuarascáil Bhliantúil
# Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2009

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Development Office NESDO

## An Oifig Náisiúnta D'fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach

# Tuarascáil bhliantúil
# Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2009

**Innéacs**


| | | |
|---|---|---|
| 1 | Réamhrá | 3 |
| 2 | Tionscadal FuturesIreland | 5 |
| 3 | An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta | 9 |
| 4 | An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta | 14 |
| 5 | An Tionad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta | 21 |
| 6 | Beartais Chuntasaíochta NESDO | 29 |
| 7 | Ráiteas Airgeadais NESDO | 31 |

# 1. Intreoir

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach (ONFES) faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Is iad feidhmeanna an ONFES, faoi mar a léirmhínítear san Acht iad, comhairle a chur ar an Taoiseach maidir leis na ceisteanna straitéiseacha uile a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta sa Stát. Cuirtear na feidhmeanna sin i bhfeidhm trí

- chláir chomlántacha thaighde, anailíse agus phlé a éascú agus a chur chun cinn tríd an trí chomh-chomhlacht de chuid an ONFES: an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (CNES), an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (FNES) agus an tIonad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta (INCF)
- chomhsheirbhísí riaracháin agus tacaíochta a chur ar fáil do na comh-chomhlachtaí,
- thuarascálacha, moltaí nó conclúidí na gcomh-chomhlachtaí a thagann as taighde, suirbhéanna nó staidéir a dhéanann siad agus a thugann siad don ONFES a chur chuig an Rialtas, agus
- shocruithe a dhéanamh leis na tuarascálacha, moltaí agus conclúidí sin de chuid na gcomh-chomhlachtaí a fhoilsiú.

Is é an príomhról atá ag an ONFES luach a chur faoi obair na gcomh-chomhlachtaí trí na dálaí cuí a chruthú a chuideoidh leo a gcumas a bhaint amach, comhthionscadail a dhéanamh, agus a chinntiú nach mbíonn an trí chomh-chomhlacht ag dul don obair chéanna. Le linn 2009, lean an ONFES air i mbun an róil seo agus thug deis do na comh-chomhlachtaí comhoibriú le chéile ar Thionscadal FuturesIreland, tionscadal a cuireadh i gcrích le linn na bliana. Chuir an ONFES cóiríocht agus seirbhís riaracháin agus tacaíochta ar fáil do na comh-chomhlachtaí.

Mar gheall ar chinneadh rialtais, díscaoileadh an FNES agus an INCF le héifeacht ó 1 Aibreán 2010. Anois go bhfuil an dá chomhlacht sin díscaoilte, leanann an ONFES air de bheith ag cur seirbhísí iomlána riaracháin agus tacaíochta ar fáil don CNES agus de bheith ag cur tuarascálacha, moltaí agus conclúidí a eascraíonn as aon tionscadail a dhéanann an CNES ar aghaidh chuig an Rialtas. Déanaimid socruithe freisin chun torthaí obair an CNES a fhoilsiú. Faoin Acht, féadfar comhlachtaí eile a bhunú laistigh d'fhrámaíocht an ONFES, ach an Rialtas a leithéid a bheartú. Is úsáideach an deis í seo agus d'fhéadfadh sé go mbeadh sé ar fáil amach anseo don Rialtas reatha agus do na Rialtais a bheidh ann ina dhiaidh sin. Níl aon mholadh ann faoi láthair a leithéid de chomhlacht a bhunú, ach mothaíodh gur luigh sé le ciall an ONFES a fhágáil mar atá mar nach mbaineann aon chostaisí móra breise leis thar mar a bhaineann leis an CNES.

# 2. Tionscadal FuturesIreland

D'iarr Roinn an Taoisigh agus na Comhpháirtithe Sóisialta ar an ONFES tionscadal ar leith a bhunú i dtaca leis an tSochaí Foghlama agus breathnú chun cinn. Cuireadh tús leis an tionscadal sin i mí Aibreáin 2007 agus tugadh i gcrích é in 2009.

Is é a rinneadh sa tionscadal seo, ar tugadh FuturesIreland air, ná scrúdú ar na boinn thuisceana agus ar na creidimh ar a mbunaítear cleachtas, smaointeoireacht agus ceapadh polasaithe in Éirinn. Fuarthas léargas níos fearr ar na féidearthachtaí a bheidh ann san am atá le teacht. Chuir an obair seo leis na hanailísí agus leis an méid a bhí déanta ag comh-chomhlachtaí an ONFES. Léiríodh ar bhealach níos soiléire na bundúshláin a bhaineann leis an rialú agus leis an eagrú i sochaí atá ag éirí níos dinimiciúla agus fonn níos mó ar dhaoine rudaí úra a thriail agus a bheith rannpháirteach i gcúrsaí. Bhí Painéal Náisiúnta Comhairleach, Painéal Comhairliúcháin agus Painéal de Shaineolaithe Idirnáisiúnta páirteach sa tionscadal. Tá níos mó sonraí le fáil i dTábla 1.

Cuireadh an tuarascáil deiridh, Ireland *At Another Turning Point: Reviving Development, Reforming Institutions and Liberating Capabilities*, Tuarascáil Uimhir 1 an ONFES, cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais í i mí Mheán Fómhair 2009. Bhí comhdháil deiridh ann i mí Aibreáin 2010 chun ábharthacht na tuarascála leis an ngéarchéim chúig phointe in Éirinn a phlé.

## An Bhunargóint

Is í an bhunargóint atá i dtuarascáil *FuturesIreland* go bhfuil muintir na hÉireann – i réimsí an ghnó, na sochaí agus na seirbhíse poiblí - in inmhe nuálaíocht níos fearr, foghlaim níos leithne agus cuntasacht níos fearr a bhaint amach; ach tá gnéithe dár gcóras eagraíochtúil ann a chuireann cosc ar na cumais agus ar na cleachtais a chuideodh linn. Tá an dearcadh seo maidir le hábaltacht na hÉireann chun sochaí foghlama a chruthú bunaithe ar cheithre bhunthoradh an tionscadail:

- Toradh 1: Is léir go bhfuil an eacnamaíocht, an tsochaí agus rialachas poiblí fite fuaite ina chéile ar bhealaí nua, rud atá ag cur go mór lenár gcumas foghlama agus nuálaíochta.
- Toradh 2: Is rudaí córasacha iad an nuálaíocht agus an fhoghlaim, agus bíonn trí ghné i gceist leo: an tionscnaíocht, measúnú disciplíneach agus an toil chun dul i ngleic le dúshláin ag trí leibhéal ar leith - institiúidiúil, idirphearsanta agus pearsanta.

  Ba í an ghné ba thábhachtaí san fhianaise ar fad a measadh ná measúnú disciplíneach, córasach. Baineann sé seo le réimse teicnicí agus próiseas a bhíonn in úsáid ag nuálaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar a ndéanann siad agus é sin a nascadh le dóigheanna chun a ndéanann siad a fheabhsú agus a athrú. Sna próisis seo, ní leor míniúcháin éadoimhne; féachtar bunchúis na teipe nó an ratha a thuiscint chun athrú a chur i bhfeidhm a mbeidh éifeacht leis, bíodh mion-athrú nó athrú radacach i gceist.
- Toradh 3: Tá measúnú córasach disciplíneach mar bhunús leis an nuálaíocht agus leis an gcuntasacht araon, rud atá an-ábharthach go háirithe tráth a bhfuil cobhsaíocht agus cuntasacht níos mó ag teastáil uainn, ach tráth go gcaithfimid athruithe radacacha a chur i bhfeidhm freisin.
- Toradh 4: Ní thiocfaidh aon bhláth ar an nuálaíocht ná ar an bhfoghlaim a bhaineann le muintir na hÉireann, agus ní bhainfear amach an oiread torthaí agus a b'fhéidir, gan athrú bunúsach a dhéanamh ar ár gcórais eagraíochtúla, go háirithe ár gcórais rialaithe agus cuntasachta.

## Tionscadal FuturesIreland a nascadh le Géarchéim Chúig Phointe na hÉireann

Tá impleachtaí suntasacha ag baint leis an mbunargóint agus leis na torthaí thuasluaite i dtaca leis an dóigh a bhfuil Éire ag dul i ngleic leis an ngéarchéim reatha agus an dúshraith a chuirfimid síos leis an rathúlacht agus leis an gcomhtháthú sóisialta a thabhairt chun cinn. Mar a bhí amhlaidh sna 1950idí agus sna 1980idí, tá muintir na hÉireann ag crosbhealach.

Dearcadh dearfach atá léirithe sa tuarascáil i leith an chrosbhealaigh agus i leith an athraithe a thiocfaidh ar Éirinn. Tá an dearcadh dearfach seo bunaithe ar rudaí éagsúla: patrúin d'fhorbairt fhadtéarmach theicneolaíoch agus eacnamaíoch, úsáid iomlán a bhaint as ár gcumais mar shochaí agus mar dhaoine aonair, ceapadh polasaithe níos fearr agus déanamh cinntí níos fearr.

San am a chuaigh thart nuair a bhí muintir na hÉireann ag crosbhealach, bhí na fuascailtí bunaithe ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta araon, ar athchóiriú suntasach institiúidiúil, agus ar chomhdhlúthú an údaráis chun ár gcumas a bhaint amach. Chun teacht aniar as an ngéarchéim atá ann faoi láthair, déantar an argóint sa tuarascáil go bhfuil freagraí de dhíth ar thrí cheist ghinearálta:

1. Mar aon le sriantachtaí géara fiscacha, cad é an dúshlán forbraíoch atá roimh mhuintir na hÉireann anois?
2. Cad é an cineál athchóirithe agus cruthaithe institiúidiúil atá riachtanach chun a aimsiú cad iad na sriantachtaí leantacha atá ar an bhforbairt agus cad iad na srianta a bhaineann leis na córais chuntasachta atá ann cheana féin, agus cad é atá riachtanach chun dul i ngleic leo?
3. Cad é an cineál comhdhlúthú údaráis atá riachtanach chun athchóiriú a bhaint amach, agus conas a chinnteoimid go ndéanfar é sin, ní ar mhaithe le cur leis an méid rialaithe atá ann, ach chun na sriantachtaí institiúidiúla atá mar chosc le trialacha, leis an bhfoghlaim, le feabhsú leanúnach agus le fíorchuntasacht a bhriseadh?

Cé nár dhírigh tionscadal *FuturesIreland* ar bhearta sainiúla polasaithe, is léir, bunaithe ar an bhfianaise a bailíodh agus ar an anailís a rinneadh, gur gá aghaidh a thabhairt ar ghnéithe ar leith den scéal agus freagra á thabhairt ar an trí cheist thuas. Tagann an clár oibre atá i ndiaidh eascairt as an tionscadal go mór le freagairt an Rialtais ar thuarascáil an OECD faoi na seirbhísí poiblí in Éirinn, *Transforming Public Services: Citizen Centred-Performance Focused* (Rialtas an hÉireann, 2008).

Ag an gcomhdháil i mí Aibreáin 2010, pléadh an dóigh gur féidir leis an ngéarchéim comhthéacs a sholáthar don chineál athchóirithe bhunúsaigh atá riachtanach, dar le tuarascáil FuturesIreland. Díreofar ar an bhforbairt mar chlár oibre agus ar conas is féidir na smaointe atá luaite sa tuarascáil a thabhairt chun cinn.

**TABLE 1 Struchtúir Thacaíochta FuturesIreland**

**Painéal Náisiúnta Comhairleach**

Bunaíodh Painéal Náisiúnta Comhairleach ina raibh 23 ball agus a raibh Peter Cassells, Cathaoirleach an INCF, mar chathaoirleach air. Ba chuid thábhachtach de thionscadal FuturesIreland é an Painéal seo. Tá baill an Phainéil i rólanna tábhachtacha ceannaireachta i réimse eagras i sochaí na hÉireann. Bhunaigh an grúpa bunhiptéisithe agus bunsmaointe maidir le todhchaí na hÉireann; oibríodh amach cad é a d'fhéadfadh titim amach agus cad é a bheadh inmhianaithe, agus rinneadh an méid sin a thástáil. Tháinig an Painéal le chéile seacht huaire.

**Painéal Comhairliúcháinl**

Ba é ról an Phainéil Chomhairliúcháin mionscrúdú a dhéanamh ar na próisis in Éirinn a bhaineann leis an eacnamaíocht, le cúrsaí sóisialacha agus le déanamh cinntí. Tháinig smaointe nua chun cinn mar aon le tuairiscí ar an dóigh a n-eagraítear gníomhaíochtaí eacnamaíochta, sóisialacha agus rialachais phoiblí in Éirinn, go háirithe na naisc idir na réimsí seo ar fad. Bhí 180 duine ar an bPainéal Comhairliúcháin agus tháinig siad le chéile trí huaire.

**Saineolaithe Idirnáisiúnta**

Ba í an Dr Maureen Gaffney, Cathaoirleach an FNES, a bhí mar chathaoirleach ar na Saineolaithe Idirnáisiúnta. D'oibrigh an triúr saineolaithe idirnáisiúnta go dlúth leis an Rúnaíocht. Ba iad an triúr sin an tOllamh Charles Sabel (Scoil Dlí Columbia, Nua Eabhrac); an tOllamh Carlota Perez (Ollscoil Cambridge); agus an tOllamh Yochai Benkler (Ollscoil Harvard). Reáchtáladh ceardlann leis an Ollamh Benkler i Londain i mí Feabhra 2008 agus ceann eile leis an Ollamh Perez i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2008. D'oibrigh an tOllamh Charles Sabel go dlúth leis an bPainéal Comhairliúcháin thar thréimhse ceithre lá i mí Dheireadh Fómhair 2008.

# 3. An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta

## Intreoir

Le linn 2009, leasaigh an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (CNES) a clár oibre (ar glacadh leis in 2007, féach Tuarascáil Bhliantúil 2008) chun anailís agus plé a dhéanamh ar an ngéarchéim eacnamaíochta a thosaigh go mall in 2008. D'fhoilsigh an Chomhairle trí thuarascáil le linn na bliana:

1. *Ireland's Five-Part Crisis: An Integrated National Response;*
2. *Well-being Matters: A Social Report for Ireland; agus*
3. *Next Steps in Addressing Ireland's Five-Part Crisis: Combining Retrenchment with Reform.*

## Géarchéim Chúig Phointe na hÉireann

Sna míonna luatha in 2009, lean an Chomhairle leis an bplé a bhí ar bun aici ó bhí go mall in 2008 ann maidir leis na géarchéimeanna eacnamaíochta go hidirnáisiúnta agus sa bhaile a d'éirigh as an ngéarchor creidmheasa. Dhírigh an Rúnaíocht ar anailís chomhaontaithe ar an ngéarchéim a dhéanamh mar aon leis na bunghnéithe d'fhreagairt náisiúnta a shocrú. I mí na Márta, d'fhoilsigh an CNES Ireland's Five-Part Crisis: An Integrated National Response (tuarascáil 118 an CNES). Ba í a bhí mar bhunargóint sa tuarascáil go bhfuil cúig ghné le géarchéim na hÉireann atá nasctha go dlúth le chéile: an bhaincéireacht, cúrsaí fiscacha, cúrsaí eacnamaíochta, cúrsaí sóisialacha agus an clú atá orm. Cuireadh síos ar gach ceann

de na gnéithe seo agus rinneadh anailís ar na cúiseanna éagsúla atá leo. Mhol an Chomhairle amharc ar an ngéarchéim mar a bheadh fíorú déanta ar rioscaí, cuid acu a aimsíodh sna blianta beaga roimhe sin.

Níor measadh riamh go dtitfeadh na rioscaí seo go léir amach ag aon am amháin agus go gcuirfidís le héifeacht a chéile. Bhí imlíne sa tuarascáil ar na tréithe a bhainfeadh le freagairt éifeachtach Éireannach. Léiríodh go háirithe na srianta a bhainfeadh le freagairtí i bpáirt agus le freagairtí seicmheamhacha agus cuireadh chun tosaigh an cás le haghaidh freagartha imeasctha a mbeadh tacaíocht leathan leis ó gach réimse den tsochaí.

I lár 2009 thosaigh an Chomhairle ag plé na géarchéime in athuair. Le linn na gcruinnithe i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair rinneadh machnamh ar anailísí ar fhorbairtí go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta agus pléadh na dúshláin, ó thaobh polasaithe de, atá roimh Éirinn. I mí Dheireadh Fómhair, d'fhoilsigh an Chomhairle *Next Steps in Addressing Ireland's Five-Part Crisis: Combining Retrenchment with Reform* (tuarascáil 120 an CNES). Ba í an bhunargóint a bhí inti sin nár leor na céimeanna tábhachtacha a bhí glactha go dtí sin le freagairt imeasctha a bhaint amach, freagairt a mbeadh tacaíocht go náisiúnta léi agus a mbeadh tuiscint go forleathan uirthi. Dúradh sa tuarascáil go raibh cur chuige i leith aon ghné ar leith den ghéarchéim ag brath ar thusicint fhorleathan ar an gcur chuige i leith na géarchéime foriomláine náisiúnta; ar an láimh eile, le go mbeadh tuiscint fhorleathan ar chur chuige i leith na géarchéime foriomláine, bhí gá le cur chuige soiléir dírithe i leith gach ceann den chúig ghné ina n-aonar – bhí an dá rud fite fuaite ina chéile. Ba é an nasc seo idir an dá pholasaí a sainaithníodh mar an comhthéacs ina raibh ar shochaí na hÉireann, mar a bhí ann go mall in 2009, cinntí ríthábhachtacha a dhéanamh. Chuir an Chomhairle béim ar an dúshlán ba láithrí – an fócas eacnamaíoch agus sóisialach a fhí i mbearta chun maoiniú poiblí a chur ina cheart. Moladh ceithre chritéar leis seo a dhéanamh: timthriallach, forbarthach, an chothromaíocht agus an inbhuanaitheacht. Ba í a bhí mar argóint ag an gComhairle go raibh sé riachtanach athdhaingniú trí ghearradh siar, rud nárbh fhéidir a sheachaint, a nascadh le hathchóiriú mór i réimsí éagsúla polasaithe agus córas, agus ní hamháin go raibh sé riachtanach déanamh amhlaidh ach gurbh fhéidir é a dhéanamh. Dúradh go láidir nár thasc don Rialtas amháin é teacht ar fhreagairt imeasctha a raibh tacaíocht léi go náisiúnta. Mar sin de, ní don Rialtas amháin an tuarascáil seo ach don réimse leathan de pháirtithe eacnamaíocha, sóisialacha agus polasaithe, an mhuintir sin go léir a bhfuil ról acu chun bealach tríd an ngéarchéim náisiúnta seo a aimsiú agus a shiúl.

## Cúrsaí Leasa: Tuarascáil Shóisialach d'Éirinn

Le linn 2009, chríochnaigh an Chomhairle obair ar an tuarascáil shóisialach a d'iarr an Rialtas in 2008. Cuirtear i láthair i dtuarascáil 119, *Well-being Matters: A Social Report for Ireland*, táscairí sóisialacha laistigh d'fhrámaíocht leasa do shaolré an duine - leanaí, daoine atá d'aois oibre, seandaoine agus daoine atá faoi mhíchumas. Ba í a bhí mar argóint sa tuarascáil gur mó ná GDP amháin atá de dhíth le dul chun cinn sóisialach a thomhas. Chomh maith leis sin, forbraíodh frámaíocht leasa ina bhfuil sé réimse, de réir smaointeoireachta idirnáisiúnta a bhí i ndiaidh teacht chun cinn: acmhainní eacnamaíochta, obair agus rannpháirtíocht, caidrimh agus cúram, pobal agus comhshaol, sláinte, daonlathas agus luachanna. Bhí samplaí de tháscairí sa tuarascáil freisin ar féidir úsáid a bhaint astu le torthaí na bpolasaithe a thomhas, agus bhí sé mar chonclúid nach mór níos mó fáis inbhuanaithe a bheith mar chuspóir againn. Chiallódh sé sin go mbeadh fócas níos mó de dhíth ar rudaí ar leith: leas an phobail i gcoitinne; cumas na ndaoine a fhorbairt agus san am céanna slí a thabhairt dóibh cinntí a dhéanamh faoina saol féin; an tábhacht a bhaineann le cuspóirí a bheith againn agus an deis chun dul i mbun gníomhaíochta téagartha a aithint; agus an suntas a bhaineann le caidrimh i dteaghlaigh, i bpobail agus sa tsochaí trí chéile.

## Tionscadal Eile

Cé gur leasaigh an Chomhairle a Clár Oibre chun dul i ngleic leis an ngéarchéim, leanadh ar aghaidh le hobair ar chuid de na nithe eile ar an gClár Oibre. Orthu siúd bhí:

- An tAontas Eorpach
- Nuálaíocht agus Fiontraíocht
- Caighdeáin agus Cuntasacht

Leanfar ar aghaidh le hobair ar na nithe seo agus ar thionscadail eile in 2010.

## Cruinnithe de chuid na gComhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta

Bhí an CNES páirteach i gCruinnithe Bliantúla de Chomhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta na mballstát eile san Aontas Eorpach a raibh Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialach na Bulgáire mar óstách orthu. Dhírigh na cruinnithe seo ar chomparáid a dhéanamh idir freagairtí na rialtas náisiúnta agus na gcomhairlí eacnamaíocha agus sóisialacha i leith na géarchéime airgeadais agus eacnamaíche idirnáisiúnta.

## Cruinnithe an CNES in 2009

Tháinig an CNES le chéile 12 uair le linn 2009

— 16 Eanáir 2009

— 22 Eanáir 2009

— 27 Feabhra 2009

— 20 Márta 2009

— 27 Aibreán 2009

— 15 Bealtaine 2009

— 19 Meitheamh 2009

— 17 Iúil 2009

— 18 Meán Fómhair 2009

— 16 Deireadh Fómhair 2009

— 20 Samhain 2009

— 18 Nollaig 2009

Le linn 2009, rinne Rúnaíocht an CNES an iliomad cur i láthair maidir le hobair na Comhairle, bhí siad páirteach i réimse comhdhálacha, seimineár agus ceardlann agus bhí siad ar roinnt coistí agus grúpaí oibre. Tá liosta de chuid de na gníomhaíochtaí seo le fáil thíos.

Bhí Rory O'Donnell ina bhall de na grúpaí seo a leanas;

- Grúpa Oibre an HIQA agus dréacht a dhéanamh de na Caighdeáin do Sheirbhísí Míchumais; *Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta: Seirbhísí Cónaitheacha do Dhaoine faoi Míchumas;*
- bhí sé mar bhall malartach na hÉireann de Bhord Ghníomhaireacht an AE um Bunchearta (é athcheaptha ag an Aire Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí in 2007);
- Coiste Comhairleach Fhorfás um Chásanna Socheacnamaíocha;
- Grúpa Oibre an Údaráis um Ardoideachas (HEA) maidir le Todhchaí na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialacha;
- Coiste Feidhmiúcháin, an Institiúid Gnóthaí Eachtracha agus Eorpacha.

Bhí sé mar aoichainteoir ag na himeachtaí seo a leanas;

- Institiúid Amstardam um Ardstaidéar ar Shaothar (Meitheamh), Amstardam. Social pacts and the crisis: *What answers do unions and employers give in Scandinavia, Ireland and the Netherlands?;*
- (ii) Ardán na hÉireann do na hEolaíochtaí Sóisialacha (Nollaig), Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, *How Should the Social Sciences relate to Public Policy?;*

- Coimisiún Eacnamaíoch na NA do Mheiriceá Laidineach agus don Chairib (Samhain), Santiago agus Bogotá na Sile. Strengthening *Public-Private Partnerships in Latin America: Leaving the Crisis Behind Looking Strategically at the Future*

John Sweeney

- Chuir sé páipéar i láthair, 'Ireland's Developmental Welfare State: from Report to Project' ag an tríú Seachtain Imeasctha de chuid RECWOWE, Utrecht (Meitheamh);
- D'fhoilisgh sé 'Reykjavik on the Liffey' *in Business Plus* (Deireadh Fómhair);
- Rinne sé an príomhaitheasc ag roinnt comhdhálacha náisiúnta (e.g. Cumann Náisiúnta na gComhordnaitheoirí Ógtheagmhála (Feabhra), Comhdháil Wheel (Bealtaine), an Fóram um Chuimsiú Sóisialta (Samhain)).

Bhí Helen Johnston ina ball de na grúpaí seo a leanas:

- Board an Ionaid um Staidéir Thrasteorann;
- Coiste Stiúrtha Chuibhreannas Peace III;

Chomh maith leis sin, scríobh sí

- 'Old poverty; new poverty. Both need determination to tackle them' in Action on Poverty Today, *Special Issue on '23 Years Working for a Poverty-Free Ireland'*, Samhradh 2009, Uimh.24;
- In éineacht le Paddy Logue agus Ann McGeeney, 'The Legacy of Combat Poverty in Building Peace and Reconciliation' in O'Flynn, J. (Ed.) (2009) *Poverty, Policy and Practice: Combat Poverty 1986-2009*. Baile Átha Cliath: an Foras Riaracháin agus an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine;
- 'Well-being Matters in Measuring Social Progress' in Reynolds, B. & S. Healy (Eds.) (2009) *Beyond GDP: What is prosperity and how should it be measured'*. Baile Átha Cliath: Cóir Shóisialta Éireann.

# 4. Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch Agus Sóisialta

## Intreoir

Thug an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (FNES) comhairle maidir le polasaithe eacnamaíocha agus sóisialta, go háirithe leo siúd a bhfuil sé mar aidhm acu comhionannas agus cuimsiú sóisialta níos fearr a bhaint amach inár sochaí féin. Bhí sé ar an gcomhlacht is mó agus is leithne ionadaíocht as na comh-chomhlachtaí ar fad. Cuireann sé fóram ar fáil, rud nach ndéanann na comh-chomhlachtaí eile, le haghaidh idirghníomhaithe agus caibidle maidir le polasaithe d'ionadaithe poiblí atá tofa chuig an Oireachtas agus chuig na hÚdaráis Áitiúla agus do na comhpháirtithe sóisialta.

Tá iarrtha ar an FNES ag an Rialtas níos mó airde a dhíriú ar dhóigheanna chun polasaithe a chur i bhfeidhm. Bhí ballraíocht éagsúil san Fhóram agus bhí taithí leathan ag na baill ar na próisis a bhaineann le polasaithe in institiúidí agus i ranna éagsúla; mar gheall air sin bhí an FNES oilte go maith le nuálaíochtaí agus athchóirithe san earnáil phoiblí a shainaithint le go gcomhlíonfar riachtanais aonair níos fearr trí sheirbhísí poiblí agus le go gcuirfear na seirbhísí sin ar fáil ar bhealach níos éifeachtaí san am atá le teacht.

## Struchtúir Oibre an FNES

Bhí Cathaoirleach agus Rúnaíocht neamhspleách ag an FNES, rud a fhág go raibh obair an Fhóraim struchtúrtha ar an dóigh seo a leanas:

- Seisiúin Iomlánacha ina raibh gach duine den 62 ball den Fhóram páirteach; bhí an clár oibre agus tuarascálacha/tuairimí a shocraíonn Foirne na dTionscadal faoi chaibidil acu;
- Coiste Bainistíochta (ar a raibh ionadaithe ó gach ceann den cheithre Shraith de chuid an Fhóraim) a tháinig le chéile ar bhonn rialta chun feidhmniú foriomlán an FNES a athbhreithniú. Áirítear san obair seo glacadh foirmiúil le clár oibre an Fhóraim agus le tuarascálacha Fhoirne na dTionscadal; agus
- Foirne Tionscadal - na príomhghrúpaí a bhí ag ullmhú tuarascálacha; bhí an bhallraíocht comhdhéanta d'ionadaithe as gach Sraith mar aon le saineolaithe seachtracha.

## Clár Oibre an FNES in 2009

Is iad na príomhréimsí oibre a ndeachthas i ngleic leo i rith na bliana:

- *Litearthacht Leanaí agus Cuimsiú Sóisialta;*
- *Cur i bhfeidhm Scéim na mBeart Chúram Baile;*
- *Rannpháirtíocht an Phobail i Rialachas Áitiúil;*
- *Tionscadal Contae Aoisbhách i gContae Lú; agus*
- *An Fóram um Chuimsiú Sóisialta*.

### Litearthacht Leanaí agus Cuimsiú Sóisialta

Bunaíodh Foireann Tionscadail an FNES maidir le Litearthacht Leanaí agus Cuimsiú Sóisialta i mí Mheán Fómhair 2008, an tOllamh Áine Hyland mar Chathaoirleach uirthi agus an Dr Jeanne Moore mar Anailísí Polasaithe. Sheol Fergus Finlay, Príomhoifigeach Feidhmeannach Barnardos, tuarascáil na Foirne ar 11 Samhain 2009 i gColáiste Ríoga na Lianna agus bhí breis agus 100 duine i láthair.

Dhírigh an tuarascáil ar scéim DEIS – Comhionannas Deiseanna a chur ar fáil i Scoileanna. Fuarthas amach gur polasaí dea-cheaptha atá ann a bhfuil mar chuspóir aige réimse tacaíochtaí a chur ar fáil do scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste; fuarthas freisin gur polasaí é a bhfuil cuspóirí, spriocanna agus torthaí ag baint leis. Chuir comhairleoirí DEIS go mór le seachadadh na gclár agus le feabhsú mhúineadh na litearthachta. D'éirigh thar barr le cuid de na scoileanna a ndearnadh staidéar orthu pleananna agus gnímh chun dul i ngleic le dúshláin litearthachta a chur i bhfeidhm. Ba iad na tréithe a bhain leis na scoileanna sin ná foireann a bhí ag dréim le hardchaighdeán, gradaim don rathúlacht, ceannaireacht láidir ón bpríomhoide, comhfhís, spriocanna comhaontaithe agus pleananna gnímh.

Fuarthas, áfach, sa Tuarascáil go raibh roinnt laigí ag baint le cur i bhfeidhm DEIS. Orthu siúd bhí:

---

1. Plean Náisiúnta Gnímh don Chuimisú Sóisialta, 2007-2016

- Moill ar fheidhmniú sheirbhísí DEIS – níor cuireadh i bhfeidhm cuid mhór acu go dtí 2007, dhá bhliain i ndiaidh go raibh tús le cur leis an gclár;
- Ní raibh an plean feidhmnithe do DEIS ar fáil go poiblí;
- Tá nasc níos soiléire de dhíth idir an sprioc sa Phlean Náisiúnta Gnímh do Chuimsiú Sóisialta[1] (fadhbanna litearthachta i scoileanna faoi mhíbhuntáiste a laghdú ó 30% go 15% faoi 2016) agus na spriocanna atá leagtha síos ag na scoileanna féin – atá faoi rún i gcónaí;
- Ní léir go ngearrtar aon phionós muna mbaintear amach an sprioc litearthachta sa Phlean Náisiúnta. Níl aon chóras ann ach oiread chun rathúlacht faoi scéim DEIS a aithint;
- Is beag ar fad na naisc idir tionscnaimh litearthachta bunaithe sa phobal agus iad siúd bunaithe sa teaghlach; agus
- Baineann DEIS le bunscoileanna amháin atá ainmnithe mar scoileanna faoi mhíbhuntáiste – thart ar 22% de na bunscoileanna ar fad atá ann – mar sin de, ní imríonn sé tionchar ar bith ar leanaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil i scoileanna eile.

Is é an príomh-mholadh atá sa tuarascáil ná Frámaíocht Pholasaí um Litearthacht Náisiúnta a fhorbairt. Tá sé seo ag teastáil chun go gcuirfear in iúl go soiléir a bhfuiltear ag dréim le gach scoil a bhaint amach agus na dóigheanna is fearr le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí é sin a dhéanamh. Le polasaí mar seo, bheadh comhfhís ann dá bhfuil le déanamh san am atá le teacht agus bheadh comhtháthú agus imeascadh níos fearr ann ó thaobh polasaithe de. Chinnteofaí freisin go mbeadh fócas straitéiseach ann ar litearthacht leanaí. Mar chuid den fhrámaíocht leathan seo do leanaí, bheadh gá le tacaíochtaí ar leith do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste, mar shampla, sprioc-idirghabhálacha do dhaltaí atá faoi mhíbhuntáiste agus forbairt leanúnach ghairmiúil sa litearthacht do mhúinteoirí.

Rinneadh moltaí eile freisin lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí polasaí DEIS. Ina measc bhí:

- Cur chuige comhpháirtíochta i leith na litearthachta, ina mbeadh na páirtithe leasmhara éagsúla ó réimse an oideachais agus an phobail páirteach agus a chlúdódh gach aoisghrúpa, idir leanaí agus daoine aosta;
- Cur in iúl níos soiléire de na spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha;
- Comhordnú ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta;
- Soiléireacht níos fearr ar an gcuntasacht agus ar na freagrachtaí a bhaineann leis na páirtithe leasmhara éagsúla;
- Pleananna feidhmnithe agus gnímh níos beaichte;
- Nósanna imeachta measúnaithe agus aischothaithe mar dhlúthchuid de na hiarrachtaí ar fad; agus
- Spreagadh níos mó lena bheith rathúil.

As siocair go bhfuil an litearthacht chomh tábhachtach sin maidir le leas an duine agus na sochaí trí chéile, moltar freisin coiste stiúrtha ar an litearthacht agus ar an gcuimsiú sóisialta a bhunú a mbeadh Cathaoirleach neamhspleách air. Dhéanfaí é sin tríd an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus is é a bheadh mar chuspóir aige moltaí na tuarascála a thabhairt chun cinn.

### Cur i bhfeidhm Scéim na mBeart Chúram Baile

Ba é an tOllamh Tony Fahey as Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath a bhí mar Chathaoirleach ar an bhFoireann Tionscadail seo agus ba í an Dr Anne Marie McGauran a bhí mar Anailísí Polasaithe. Ar 28 Deireadh Fómhair 2009, sheol an Giúistís Catherine McGuinness an tuarascáil deiridh, *Implementation of the Home Care Package Scheme*, i dTithe an Rialtais.

Chuir na meáin chumarsáide suim mhór sa tuarascáil mar ba í an chéad tuarascáil í a dhírigh ar fheidhmniú na scéime tábhachtaí seo chun tacaíocht a thabhairt do sheandaoine fanacht ina dtithe féin. Fuarthas go bhfuil an polasaí um Bearta Chúram Baile dea-cheaptha, mar is amhlaidh i gcás cuid mhór polasaithe maidir le seirbhísí poiblí in Éirinn, ach bhí laigí ann maidir lena chur i bhfeidhm. San iomlán, ba lag an nasc idir an polasaí náisiúnta, na cinntí a bhí á ndéanamh bunaithe air agus na cleachtais oibre ag leibhéal áitiúil. Mar shampla:

- Níor cuireadh i bhfeidhm riamh na treoirlínte náisiúnta, critéir chaighdeánacha theidlíochta ina measc, maidir le feidhmniú na Scéime;
- Is é an fáth go mbíonn moill ann nósanna imeachta caighdeánacha a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm ná go bhfuil cuid mhór struchtúr i gceist le cinntí a dhéanamh, rud a fhágann go nglacann sé tamall fada na cinntí a dhéanamh nó nach ndéantar ar chor ar bith iad;
- In uireasa aon chur chuige chaighdeánaigh náisiúnta, bíonn difríochtaí sna dóigheanna a gcuireann gach Oifig Áitiúil Sláinte de chuid an FSS an scéim i bhfeidhm. Mar shampla, tá éagsúlachtaí sna critéir theidlíochta a chuireann na hOifigí Áitiúla Sláinte i bhfeidhm chun maoiniú do Bhearta Chúram Baile a leithdháileadh;
- In uireasa nósanna imeachta comhordnaithe, bíonn páirtithe éagsúla ag dul don obair chéanna. Is minic go ndéantar measúnú faoi dhó nó faoi thrí ar riachtanais sheanduine – e.g. déanann foireann mhíochaine ospidéil measúnú, Altra Sláinte Poiblí a bhíonn ag comhordnú na mBeart, agus an t-eagras a bhíonn ceaptha leis an gcúram a chur ar fáil;
- Is beag eolas a bhailítear ar thorthaí na mBeart, agus is annamh a chuirtear an méid sin a bhailítear le chéile agus a ndéantar anailís air in iúl ag leibhéal náisiúnta; mar sin de is deacair aon rud a fhoghlaim ó chleachtais fheidhmiúcháin áitiúla;
- Is beag ar fad mar a dhírítear ar an gcuntasacht sna cáipéisí polasaí agus sna treoirlínte a bhaineann leis na Bearta. Is amhlaidh go ndírítear ar nósanna imeachta seachas ar thorthaí; agus
- Ní minic go mbíonn na heagrais ar fad a dhéanann na Bearta a sheachadadh ag obair le chéile (an FSS, soláthróirí príobháideacha cúraim shláinte agus eagrais dheonacha cúnaimh bhaile ina measc. Cuirtear moill ar an bhfoghlaim

agus ar na hiarrachtaí chun a chéile a chur ar an eolas faoin gcleachtas is fearr. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil na grúpaí éagsúla cosantach i dtaca lena gcuid cleachtas oibre féin agus seachnaíonn siad a chéile.

Moltar sa tuarascáil roinnt athruithe ar na polasaithe chun Scéim na mBeart Chúram Baile a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí. Is iad na moltaí ná:

- Comhaontú ag leibhéal náisiúnta maidir le líon na mBeart atá le seachadadh agus na critéir theidlíochta a bhainfidh leo;
- Nasc níos soiléire idir líon na mBeart atá le cur ar fáil agus na hacmhainní a leithdháilfear ina leith;
- Cuntas níos déine ar na hacmhainní a chuirtear ar fáil do Scéim na mBeart (e.g. maoiniú, foireann) agus ar na torthaí, agus úsáid chórasach a bhaint as na sonraí seo chun bainistiú na scéime a fheabhsú;
- Línte soiléire freagrachta agus cuntasachta;
- Aird níos fearr ar phleananna sonraithe maidir le seachadadh – caighdeáin shoiléire maidir le seachadadh, monatóireacht ar na caighdeáin sin, meicníochtaí nuálaíocha seachadtha, soláthróirí neamhthraidisiúnta agus soláthróirí Theicneolaíocht na Faisnéise; agus
- Meon eagraíochtúil a chruthú chun go díreofar ar thorthaí inmhianaithe an pholasaí a bhaint amach trí gach gné de na cleachtais oibre agus scéimeanna luaíochta.

### Rannpháirtíocht an Phobail i Rialachas Áitiúil

Rinne an FNES an tuarascáil seo a choimisiúnú ón Dr Chris McInerney, Institiúid Teicneolaíochta Thiobraid Árann agus ón Dr Maura Adshead, Ollscoil Luimní. Díríonn siad ar na meicníochtaí rannpháirtíochta pobail atá mar chuid den rialachas áitiúil, agus ar na fachtóirí a fhágann go n-oibríonn na meicníochtaí sin go héifeachtach. Féachtar le

- leordhóthanacht na struchtúr rannpháirtíochta atá ann cheana féin ag leibhéal áitiúil a mheasúnú;
- múnlaí na gcleachtas is fearr ag leibhéal áitiúil a shainaithint; agus
- teimpléad a dhearadh chun rud coitianta a dhéanamh de rannpháirtíocht an phobail d'fhonn rannpháirtíocht níos éifeachtaí ag pobail áitiúla i ndearadh agus i bhfeidhmniú polasaithe poiblí a uasmhéadú.

Luaitear ceithre réimse den rialachas rannpháirtíochta ag leibhéal áitiúil in Éirinn. Is iad na réimsí sin:

- Réimse 1 – Rannpháirtíocht laistigh de Struchtúir Rialtais Áitiúil (e.g. Coistí Polasaithe Straitéiseacha; Coistí Comhairliúcháin um Chóiríocht Áitiúil don Lucht Siúil);
- Réimse 2 – Rialachas agus Rannpháirtíocht a Leathnú (e.g. Boird Fhorbartha Contae/Cathrach, RAPID); agus

- Réimse 3 – I dTreo Rialachais Níos Neamhspleáiche (e.g. Comhpháirtíochtaí Bunaithe ar Cheantair, LEADER); agus
- Réimse 4 – Sochaí Shibhialta.

Léiríonn na cás-staidéir sa tuarascáil na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann leis na cuir chuige dhifriúla i leith rialachas na rannpháirtíochta áitiúla i ngach réimse, agus tá roinnt moltaí ann atá bunaithe orthu.

Reáchtáladh Seisiún Iomlánach ar 21 Deireadh Fómhair chun an páipéar dréachta a phlé agus bhí breis agus 100 duine i láthair. Ba iad na cainteoirí ná Marie Carroll, Stiúrthóir Chomhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath; Ivan Cooper, Stiúrthóir Abhcóideachta in Wheel; agus Joe Horan, Bainisteoir Contae, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

Tá na ceisteanna a d'eascair as a ndúirt na cainteoirí, mar aon leis an bplé agus an aischothú ó rannpháirtithe sa Seisiún, á dtabhairt le chéile agus cuirfear i dtuarascáil deiridh iad ar rannpháirtíocht an phobail i rialachas áitiúil.

### Straitéis Aoisbhách i gContae Lú

Cuireadh tús le hobair i dtrátha dheireadh na bliana, faoi mhaoirseacht an FNES, chun staidéar a dhéanamh ar thionscnamh suntasach polasaí a bhaineann le cuid mhór gníomhaireachtaí éagsúla agus an polasaí sin á chur i bhfeidhm – *Contae Lú: An Chéad Straitéis Aoisbhách in Éirinn*. Leis an Straitéis seo, féachtar le cumrú agus nuálaíocht radacach a bhaint amach maidir le seachadadh seirbhísí do sheandaoine in eagrais éagsúla: rialtais áitiúla, an FSS, na Gardaí agus gníomhaireachtaí iompair, gnó agus deonacha. Is é an difear idir an staidéar seo agus tuairiscí atá déanta ag an FNES san am a chuaigh thart maidir le feidhmniú polasaithe go ndíríodh san am a chuaigh thart ar fheidhmiú polasaithe i ndiaidh gur cuireadh i bhfeidhm iad.

Tá dhá chúis ann go bhfuil tábhacht le tionscnamh Lú. Sa chéad dul síos, is ionann na dúshláin a bhaineann leis an tionscnamh seo agus na mórdhúshláin atá roimh sheirbhísí poiblí i gcuid mhór réimsí, is é sin nuálaíocht agus athchumrú suntasach seirbhísí a bhaint amach ar bhealach imeasctha ar fud cuid mhór gníomhaireachtaí. Sa dara dul síos, tá tionscnaimh den chineál céanna á moladh i gcontaetha eile – Cill Chainnigh, An Clár agus Cill Dara – rud a chuirfidh deis ar fáil, don chéad uair riamh, chun measúnú ionchasach, comparáideach a dhéanamh ar dhul chun cinn trialacha nádúrtha den chineál seo.

Mar chuid den anailís agus den mheasúnú a dhéanfar mar chuid den obair seo, déanfar cur síos mion ar éabhlóid fhadtéarmach an mhórthionscnaimh pholasaí seo, agus ar na hinstitiúidí agus cláir a chruthófar leis an bpolasaí a chur i bhfeidhm. Beidh an anailís bunaithe ar fhorbairtí coincheapúla agus taighde eimpíreach idirnáisiúnta, ní hamháin i seirbhísí poiblí, ach sa litríocht atá scríofa faoin athrú eagraíochtúil, ach san am céanna, beidh sí préamhaithe go daingean sa scéal mar atá le fírinne in Éirinn.

### An Fóram um Chuimsiú Sóisialta

Thug an bhFóram seo deis do dhaoine nach bhfuil bainteach go díreach leis an gcomhpháirtíocht shóisialta tionchar a imirt ar fheidhmniú an Phlean Náisiúnta Ghnímh um Chuimsiú Sóisialta.

Reáchtáladh Fóram na bliana anuraidh ar 4 Samhain in Ionad Comhdhála Pháirc Uí Chrócaigh, Baile Átha Cliath agus bhí breis agus 250 duine i láthair. Ba í seo an chéad uair a rinne an Rannóg Cuimsithe Shóisialta sa Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh agus an FNES an Fóram a eagrú i gcomhar le chéile. Bunaíodh an Rannóg Cuimsithe Shóisialta i 2009 nuair a tugadh le chéile an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine agus an Oifig Cuimisithe Shóisialta sa Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh.

I measc na ndaoine a labhair ag an bhFóram bhí Mary Hanafin, T.D., an tAire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh; Anna Visser agus Karen Fitzpatrick ón Líonra Eorpach Frithbhochtaine (Éire); agus an Dr John Sweeney ón CNES.

Reáchtáladh ceithre cheardlann do na rannpháirtithe. Bhí téama ar leith ag gach ceann acu a bhain leis an ábhar 'Na dóigheanna is fearr le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha trí rochtain ar sheirbhísí agus ar an bhfostaíocht'. Is iad na téamaí a bhí ann:

- Leanaí agus a dteaghlaigh;
- Rochtain ar obair cháilíochta agus ar dheiseanna foghlama – daoine d'aois oibre, daoine óga agus imircigh go háirithe;
- Rochtain ar sheirbhísí do sheandaoine; agus
- Rochtain ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

Sa seisiún deiridh den Fhóram um Chuimsiú Sóisialta, cuireadh na rannpháirtithe agus painéal de chathaoirligh na gceardlann ar an eolas faoi na ceisteanna is mó a tháinig chun cinn sna ceardlanna. Rinneadh imlíne freisin ar na príomhghnéithe den chlár do Bhliain na hEorpa um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta, 2010.

# 5. An Tionad Náisiúnta Comhpháirtíochta Agus Feidhmíochta

## Intreoir

Le linn 2009, lean an tIonad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta (INCF) dá straitéis ceithre bliana a chur i bhfeidhm, *Áiteanna Oibre na hÉireann: Straitéis don Athrú, don Nuálaíocht agus don Chomhpháirtíocht 2007-2010*. Ba é misean an Ionaid cuir chuige chomhpháirtíochta i leith an athraithe agus na nuálaíochta san áit oibre a chur chun cinn san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí.

D'oibrigh an INCF le réimse leathan páirtithe leasmhara, an Rialtas agus na Comhpháirtithe Sóisialta ina measc. Áirítear san obair seo dóigheanna nua oibre a fhorbairt agus a chur chun cinn chun buntáistí suntasacha a bhaint amach d'eagrais agus do na fostaithe, agus chun táirgiúlacht, feidhmíocht, solúbthacht, tiomantas agus sásamh san áit oibre a fheabhsú.

Le linn 2009, dhírigh an tIonad ar fhorbairt agus ar nuálaíocht san áit oibre a chur i láthair agus a chur chun cinn mar ghné thábhachtach d'fhreagairt na hÉireann i leith na lagtrá eacnamaíochta.

Tá cur síos sa Tuarascáil seo ar obair imeasctha an Ionaid sna príomhréimsí seo a leanas:

Taighde agus Anailís ar Pholasaithe

- Suirbhéanna Náisiúnta ar Áiteanna Oibre 2009
- An Earnáil Sláinte – Tionscadal na nOspidéal san Am atá le Teacht

- Straitéis Náisiúnta um Áiteanna Oibre
- Bainistiú Líne mar acmhainn i leith an athraithe
- Géarchéim Chúig Phointe na hÉireann: Freagairt Náisiúnta Imeasctha

Nuálaíocht san Áit Oibre

- Tionscadal Nuálaíochta sna Seirbhísí Poiblí
- Ciste Nuálaíochta d'Áiteanna Oibre
- Aighneachtaí chuig an Tasc-Fhórsa Nuálaíochta agus chuig Roinn an Taoisigh
- An Áit Oibre Nuálaíoch: Treoir Phraiticiúil don Chomhpháirtíocht agus don Fheidhmíocht

Tacaíocht Phraiticiúil, Cumarsáid agus Méadú Inniúlachta

- Seimineár um Fhoghlaim san Obair
- Tuarascáil an Fhóraim a Fhoilsiú
- Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta an Choiste Gairmoideachais
- Comhdháil an Fhorais Riaracháin um Chomhpháirtíocht san Áit Oibre
- Roinn Iompair – Nuálaíocht agus Comhpháirtíocht san Áit Oibre
- Méadú Inniúlachta trí Thacaíocht agus For-Rochtain

## Taighde agus Anailís ar Pholasaithe

**Suirbhéanna Náisiúnta ar Áiteanna Oibre 2009**

Le linn 2009, rinne an INCF maoirseacht ar dhearadh agus ar fheidhmniú na Suirbhéanna Náisiúnta ar Áiteanna Oibre mar chuid de ghealltanas a rinneadh sa Chomhaontú *I dTreo 2016*. Bhí na Suirbhéanna comhdhéanta de thrí cheistneoir taighde:

- Staidéar ar 5,000 fostaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon;
- Suirbhé ar 1,500 fostaí san earnáil phríobháideach agus
- Suirbhé ar 400 bainisteoir sinsearach agus cinneadóir as na seirbhísí poiblí éagsúla.

Cuireadh an obair allamuigh i dtaca leis an trí shuirbhé i gcrích i mí Lúnasa 2009. Rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus an INCF anailís ar na sonraí san fhómhar, 2009. Foilseofar dhá thuarascáil in 2010, ceann amháin a bhaineann le tuairimí agus taithí fhostaithe maidir leis an athrú san áit oibre, agus ceann eile a bhaineann le tuairimí agus taithí fhostóirí maidir leis an athrú san áit oibre. Tiocfaidh na tuarascálacha seo i ndiaidh na chéad sraithe a foilsíodh in 2003.

Leis na suirbhéanna ar fhostaithe agus ar fhostóirí beimid in ann teacht ar thuiscint chuimsitheach ar an dóigh a bhfuil áiteanna oibre in Éirinn ag dul i ngleic leis na dúshláin atá rompu mar gheall ar an ngéarchéim dhomhanda eacnamaíochta nach bhfacthas a leithéid riamh. Déanfar iniúchadh ar an dóigh a bhfuil eagrais phoiblí agus fiontraíochtaí san earnáil phríobháideach ag iarraidh an t-athrú a bhainistiú agus foirne a spreagadh tráth a bhfuil athrú ollmhór ag teacht ar chúinsí eacnamaíocha agus sóisialta. Déanfar measúnú sna tuarascálacha ar mheon na bhfostaithe agus na bhfostóirí, ar a gcuid taithí agus ar a bhfuil siad ag dréim leis i dtaca leis an athrú agus an nuálaíocht ina n-áiteanna oibre. Leis na tuarascálacha seo beimid in ann tagarmharcáil a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta in áiteanna oibre in Éirinn ó thaobh nádúr agus doimhneacht na nuálaíochta agus an athraithe de ó bhí 2003 ann.

Tá sonraí eimpíreacha anois againn mar gheall ar an Suirbhé Náisiúnta ar Áiteanna Oibre 2009, rud a chuirfidh le forbairt leanúnach de bhonneagar náisiúnta daingean sonraí maidir le ceist na háite oibre agus an fhórsa oibre.

### An Earnáil Sláinte – Tionscadal na nOspidéal san Am atá le Teacht

Tá deireadh ag teacht le togra mór taighde atá idir lámha ag an INCF, i gcomhar le Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta na Seirbhísí Sláinte, ar an ról agus ar an tionchar a bhíonn ag cleachtais san áit oibre, ag an gcaidreamh idir fostaithe, agus ag páirtíocht na foirne ar an bhfeidhmíocht in earnáil na ngéarospidéal. Foilseofar tuarascáil in 2010 agus cuirfear i láthair dearcadh nua maidir le rialachas rannpháirtíoch sna seirbhísí sláinte, bunaithe ar fhianaise leathan den tionchar a bhí ag na cleachtais ar éifeachtúlacht na n-ospidéal, ar chúram na n-othar agus ar leas na foirne. Cuireadh foilsiú na tuarascála deiridh siar d'aon turas ar mhaithe le deis a thabhairt don FSS agus do cheardchumainn na n-earnálacha sláinte na moltaí a phlé. Rinneadh an plé sin i gcomhthéacs cainteanna níos leithne idir an Rialtas agus ceardchumainn san earnáil phoiblí. Tá na príomhghnéithne de na moltaí atá sa tuarascáil - Tionscnamh Straitéiseach Gníomhaithe agus Nuálaíochta don earnáil sláinte ina measc – mar chuid den Chomhaontú Earnála don Earnáil Sláinte atá déanta ag an Rialtas le ceardchumainn na hearnála poiblí.

### Straitéis Náisiúnta um Áiteanna Oibre

Le linn 2009, cuireadh tús le céim nua sa Straitéis Náisiúnta um Áiteanna Oibre agus tá cuid mhaith de na bunmholtaí curtha i bhfeidhm. Le linn na bliana, díríodh ar na moltaí a bhaineann le bunobair an ICNF a chur i bhfeidhm. Áiríodh leis an obair sin taighde ar chuir chuige níos fearr a fhorbairt ag leibhéal na bpolasaithe agus na fiontraíochta agus tacaíocht leis na cuir chuige sin i leith na nuálaíochta san áit oibre. Ba chuid thábhachtach den dúshlán seo tionscnamh na Suirbhéanna Náisiúnta ar Áiteanna Oibre 2009 a rinneadh chun fianaise a bhailiú a bheidh mar bhunús le hathbhreithniú amach anseo ar an Straitéis Náisiúnta um Áiteanna Oibre agus a sholáthróidh eolas nuair a bheidh polasaithe nua á bhforbairt i leith an athraithe agus an nuachóirithe san áit oibre.

### Bainistiú Líne mar Acmhainn i leith an Athraithe

Le linn 2009, lean an ICNF ar aghaidh leis an dara céim i gcomhthogra taighde leis an CIPD a dhírigh ar an gceist seo a leanas: Bainisteoirí Líne mar Acmhainn don Athrú agus don Nuálaíocht. Mar chuid den taighde seo, tá an ICNF agus an CIPD i mbun taighde ar chás-staidéir i dtrí eagraíocht – an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, GlaxoSmithKline Beecham agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Tá an taighde seo struchtúrtha chun cúinsí eagraíochtúla a shainaithint faoinar féidir le bainisteoirí líne teacht chun cinn mar oibrithe fiontraíocha, gníomhacha ar son na nuálaíochta agus an athraithe eagraíochtúil san áit oibre.

### Géarchéim Chúig Phointe na hÉireann: Freagairt Náisiúnta Imeasctha

Rinne an ICNF anailís ar ábhar atá bunaithe ar a bhfuil in Aguisín D de thuarascáil an CNES, *Ireland's Five Part Crisis: An integrated National Response*. Díríonn an tuarascáil sin ar fhreagairtí comhpháirtíochta agus polasaithe i dtíortha eile. Thug an INCF cúnamh chun an tuarascáil a sheoladh agus a scaipeadh ar na meáin chumarsáide.

## Nuálaíocht san Áit Oibre

### Tionscadal Nuálaíochta sna Seirbhísí Poiblí

Le linn 2009, lean an INCF ar aghaidh leis an gclár oibre a dhíríonn ar an Nuálaíocht agus Méadú Inniúlachta sna Seirbhísí Poiblí, obair atá bunaithe ar Athbhreithniú ar na Seirbhísí Poiblí leis an OECD agus ar cháipéis an Rialtais a bhaineann leis na Seirbhísí Poiblí a athrú. Is é is cuspóir leis an gclár oibre seo tacú leis an gcéad chéim eile i gclaochlú na Seirbhísí Poiblí.

Mar chuid den obair leanúnach seo, thionscnaigh an INCF bunstaidéar a dhírigh ar an gceist: Ceannaireacht sna Seirbhísí Poiblí agus Forbairt na Ceannaireachta. Bhí roinnt gnéithe leis an tionscadal seo: athbhreithniú ar an litríocht chuí; eiseamláracha den dea-chleachtas go hidirnáisiúnta a aimsiú; Suirbhé na bhFostaithe sna Seirbhísí Poiblí 2009 agus na tionscadail reatha ag an INCF laistigh de na seirbhísí poiblí (.i. Tionscadal na nOspidéal san Am atá le Teacht).

Cuireadh bunpháipéar ina raibh buneolas ar na gCeannaireacht sna Seirbhísí Poiblí agus Forbairt na Ceannaireachta i láthair Chomhairle an INCF agus Ghrúpa Stiúrtha an Tionscadail i mí Iúil 2009. Ó bhí na cruinnithe sin ann, lean an INCF ar aghaidh lena chuid oibre ar an Nuálaíocht agus Méadú Inniúlachta sna Seirbhísí Poiblí de réir na bpríomhchuspóirí sa chlár oibre chun na seirbhísí poiblí a athrú.

### Ciste Nuálaíochta in Áiteanna Oibre

Seoladh an Ciste Nuálaíochta in Áiteanna Oibre in 2007 i ndiaidh go ndearnadh gealltanas in I dTreo 2016 tacú leis an nuálaíocht san áit oibre trí dhóigheanna nua oibre a fhorbairt agus a spreagadh a chuirfeadh leis an tsolúbthacht agus leis an bhfeidhmíocht. Is é an INCF agus Fiontraíocht Éireann (FÉ) a dhéanann an ciste a bhainistiú i gcomhar le chéile.

Idir mí Eanáir agus mí Aibreáin 2009, d'oibrigh an INCF agus an FÉ ar réimse tionscnamh chun rochtain ar an gCiste a fheabhsú agus chun ceangal níos fearr a chothú idir an Ciste agus na cuideachtaí sin a bhí ag streachailt lena bheith inmharthana le linn na lagtrá eacnamaíochta agus, san am céanna, chun tacaíocht leanúnach a thabhairt do chuideachtaí a faomhadh cheana féin. I ndiaidh gur fógraíodh an buiséad i mí Aibreáin 2009, áfach, mhol an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta nach ndéanfadh an INCF ná an FÉ aon ghealltanais nua maidir le hiarratais ó chuideachtaí don Chiste.

Chuir an cinneadh seo cosc mór ar fheidhmniú na dtionscnamh a beartaíodh níos luaithe sa bhliain. Lean an INCF agus an FÉ orthu, áfach, ar feadh an chuid eile den bhliain chun iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le gníomhaíochtaí nuálaíochta san áit oibre a fhí i gcláir eile a dtugann an FÉ tacaíocht dóibh.

**Aighneachtaí chuig an Tascfhórsa Nuálaíochta agus Roinn an Taoisigh**

I mí Mheán Fómhair 2009, chuir an INCF páipéar chuig an Tascfhórsa Nuálaíochta le go measfaí é. Is í an bhunargóint a bhain leis an aighneacht gur gá caitheamh ar bhealach níos práinní leis na hiarrachaí leis an nuálaíocht a spreagadh san fhiontraíocht. De réir mar atá Éire ag iarraidh an *Eacnamaíocht Chliste* a chur chun cinn, is é ceann de na príomhdhúshláin a bhaineann le polasaithe ná an dóigh is fearr le polasaithe agus tacaíochtaí poiblí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun níos mó nuálaíochta a spreagadh san fhiontraíocht i dtaca leis an eagrúchán san earnáil phoiblí agus i ngnólachtaí san earnáil phríobháideach.

Ina dhiaidh sin d'fhorbair an INCF páipéar treorach níos leithne dar teideal Towards a more holistic National System of Innovation a tugadh do Chomhairle an INCF le go ndéanfaidís a machnamh air. Míníodh sa pháipéar seo an gá atá le dearcadh níos leithne i leith polasaithe náisiúnta ar an nuálaíocht agus cuireadh béim go háirithe ar ról lárnach na nuálaíochta eagraíochtúla chun gníomhaíochtaí nuálaíochta a bhrú chun cinn i ngach gné den eacnamaíocht.

**Áit Oibre na Nuálaíochta: Treoir Phraiticiúil i leith na Comhpháirtíochta agus na Feidhmíochta**

I bhfómhar na bliana 2009, d'fhoilsigh an INCF an treoir seo ar líne atá deartha le cuidiú le bainisteoirí agus le fostaithe oibriú le chéile chun an nuálaíocht agus an táirgiúlacht a fheabhsú san áit oibre. Is é is cuspóir léi cuidiú le heagraíochtaí bealaí a aithint chun an fheidhmíocht a fheabhsú trí mheon na comhpháirtíochta a chur chun cinn trí chomhpháirtíocht agus gníomhú ar thaobh na bhfostaithe. Tá an treoir le fáil ag *http://www.ncpp.ie/news.asp?artId=1067&zoneId=6&catId=291*.

## Tacaíocht Phraiticiúil, Cumarsáid agus Méadú Inniúlachta

### Seimineár ar an bhFoghlaim ag an Obair

I mí Feabhra 2009, bhí an INCF agus Coláiste Náisiúnta na hÉireann mar chomhóstaigh ar imeacht aon lae faoin bhfoghlaim ag an obair a dhírigh ar oideachas agus scileanna do lucht oibre na hÉireann *(How to Make Learning Work: A seminar on Education and Skills for the Irish Workforce)*. D'fhreastail lucht ceaptha polasaithe agus cleachtóirí a bhfuil sé mar fhreagracht orthu daoine a fhorbairt san áit oibre; ina measc bhí bainisteoirí acmhainní daonna, oiliúnóirí proifisiúnta, bainisteoirí foghlama agus forbartha, agus ionadaithe ó na ceardchumainn.

Labhair an tOllamh Professor Knud Illeris ag an seimineár, fear a bhfuil saineolas aige ar an bhfoghlaim ag an obair. Labhair an tOllamh Brigitte Simonsen freisin, Stiúrthóir Lár-Ionad na Danmhairge um Thaighde ar an Óige, agus thug sí léargas nua d'oidí agus d'oiliúnóirí ar ghníomhú ag daoine óga agus ar an bhfoghlaim le haghaidh na hoibre. Cuireadh i láthair roinnt cás-staidéar a bhain leis an áit oibre, rud a léirigh léargas na bhfoghlaimeoirí, na n-oiliúnóirí agus na bhfostaithe ar an dea-chleachtas i dtaca le forbairt scileanna, agus bhí plé ag an bpainéal freisin.

### Tuarascáil Fhóram na Clódóireachta

I mí Aibreáin 2009, d'fhoilsigh an INCF cás-staidéar ar an bhFóram Clódóireachta agus Pacáistithe dar teideal *'The Print Industry Fights Back'*. Tá próifíl sa chás-staidéar ar thionscnamh ceannródaíoch comhpháirtíochta atá idir lámha san earnáil chlódóireachta agus phacáistithe. Bhunaigh fostóirí agus ceardchumainn an Fóram in 2002 agus bíonn cur chuige comhoibríoch ann i dtaca leis na dúshláin thromchúiseacha atá roimh thionscal na clódóireachta in Éirinn. Is é an Fóram an chéad eiseamláir de thionscnamh comhpháirtíochta ar fud na hearnála, agus glactar leis mar mhúnla do chleachtadh na comhpháirtíochta agus an chomhoibrithe.

Sheol Turlough O'Sullivan, IBEC agus Des Geraghty, iar-Uachtarán SIPTU, tuarascáil ar an gcás-staidéar sa Mhúsaem Náisiúnta Clódóireachta.

### Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta an Choiste Ghairmoideachais

Le linn 2009, d'oibrigh an INCF go dlúth le Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta an Choiste Ghairmoideachais chun Plean Gnó a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'Fhóram Náisiúnta Comhpháirtíochta an Choiste Ghairmoideachais. Thug an INCF tacaíocht agus treoir freisin agus clár fóram amharclannaíochta á fhorbairt a bhain le héifeachtúlacht agus cumasú foirne. Ba é cuspóir an chláir deiseanna a chur ar fáil don fhoireann agus do bhainisteoirí an fheidhmíocht agus an saol oibre a fheabhsú in earnáil an ghairmoideachais tríd an gcomhpháirtíocht.

### Comhdháil an Fhorais Riaracháin ar Chomhpháirtíocht san Áit Oibre

I mí an Mheithimh 2009, bhí an Foras Riaracháin mar óstach, i gcomhar leis an INCF, ar chomhdháil dar teideal *Comhpháirtíocht san Áit Oibre i dTréimhse Dhúshlánach*. Ba é cuspóir na comhdhála ról na comhpháirtíochta san áit oibre a fhiosrú i gcomhthéacsanna áirithe: clár oibre an Rialtais chun na Seirbhísí Poiblí a athrú, an ghéarchéim eacnamaíochta agus fhiscach a bhí ag dul in olcas, agus

na himpleachtaí a bhain le hobair an Ghrúpa Speisialta um Méideanna agus Caiteachas sna Seirbhísí Poiblí i dtaca le líon na bhfoirne agus éifeachtúlacht níos fearr i seachadadh seirbhísí.

Ba é Stiúrthóir an INCF a rinne an phríomhchaint. Ina dhiaidh sin chuir John Cloonan, Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Eirgrid, Mary McSweeney, Comhordnaitheoir Comhpháirtíochta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Bryan Andrews, Príomhfheidhmeannach, Seirbhís na gCeapachán Poiblí, chuir siad triúr trí chás-staidéar i láthair.

Taispeánadh eiseamláracha do na rannpháirtithe de chuir chuige phraiticiúla chun meon comhoibríoch a fhorbairt san áit oibre agus léiríodh dóibh na féidearthachtaí a bhaineann leis an gcomhpháirtíocht san áit oibre chun an éifeachtúlacht a bhaint amach agus seirbhísí cáilíochta dírithe ar chustaiméirí a sheachadadh agus laghdú ar acmhainní ann.

**An Roinn Iompair – Nuálaíocht agus Comhpháirtíocht san Áit Oibre**

D'oibrigh an INCF go díreach leis an Roinn Iompair chun scrúdú a dhéanamh ar na dóigheanna ar féidir leis an nuálaíocht san áit oibre cur le feidhmniú an phlean ghnímh bunaithe ar athbhreithniú eagraíochtúil agus le hathnuachan na comhpháirtíochta. Agus an tionscnamh seo á thabhairt chun cinn, bhuail an INCF leis na Bainisteoirí Sinsearacha agus leis an gCoiste Comhpháirtíochta roinnt uaireanta. Ansin, dhear an INCF ceardlann lae ar an bpleanáil straitéiseach a dhírigh ar an Nuálaíocht san Áit Oibre. Bhí thart ar thríocha duine as gach mór-rannóg sa Roinn páirteach ann.

**Méadú Inniúlachta tríd an Abhchóideacht agus For-Rochtain**

Le linn 2009, lean an INCF ar aghaidh lena chlár méadaithe inniúlachta trí fhor-rochtain fhorleathan agus gníomhú le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. D'oibrigh Feidhmeannas an INCF in éineacht le réimse eagraíochtaí go díreach agus trí líonraí earnála bunaithe ar an bhfiontraíocht. Ba é cuspóir na teagmhála seo ná polasaí agus taighde an INCF a chur in iúl agus réimse ábhar an INCF a chur ar fáil. Is é seo a leanas réimse samplach de ghníomh an INCF le linn 2009:

- Feabhra 2009: Institiúid Áiteanna Oibre den Scoth: Dinnéar na nGradam 2009. Aitheasc oscailte le Lucy Fallon-Byrne, Stiúrthóir, INCF
- Márta 2009: Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
  Cur i láthair le Lucy Fallon-Byrne, Stiúrthóir, INCF
- Aibreán 2009: Siompóisiam Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí – An Fhoghlaim san Obair. Cur i láthair le Lucy Fallon-Byrne, Stiúrthóir, INCF
- Aibreán 2009: Seoladh leabhair an INCF/an Fhóraim Chlódóireachta: *The Print Industry Fights Back*
- Bealtaine 2009: Seimineár Fhondúireacht na hEorpa um Choinníollacha Cónaithe agus Oibre: *An Fhionlainn agus Éire:* Bhí an Dr Damian Thomas, Ceann Taighde, ar an bpainéal

- Bealtaine 2009: Bhí an INCF mar óstach ar thoscaireacht de Chomhpháirtithe Sóisialta agus Státseirbhísigh as an bhFionlainn. Cur i láthair leis an Dr Damian Thomas, Ceann Taighde.
- Meitheamh 2009: Comhdháil an Fhorais Riaracháin/INCF, *Comhpháirtíocht san Áit Oibre Aimsir an Chruacháis*. Príomhaitheasc le Lucy Fallon-Byrne, Stiúrthóir, INCF
- Meitheamh 2009: Seimineár Idirnáisiúnta, an Ísiltír: *Ospidéal an 21ú hAois,* Maasland, Ar an bpainéal, Lucy Fallon Byrne, Stiúrthóir, INCF agus Cathal O'Regan, C eann na Straitéise Áit Oibre
- Iúil 2009: Bhí an INCF mar óstach ar thoscaireacht ó Ionad Nuálaíochta san Áit Oibre sa Choiré. Cur i láthair leis an Dr Damian Thomas, Ceann Taighde, INCF agus le Edna Jordan, Ceann Foghlama agus Forbartha san Áit Oibre, INCF
- Samhain 2009: Comhdháil Bhliantúil Fhóram Náisiúnta Comhpháirtíochta an Choiste Ghairmoideachais agus Searmanas Bronnta na nGradam um Nuálaíochta san Áit Oibre. Cur i láthair le Lucy Fallon-Byrne, Stiúrthóir, INCF and Workplace Innovation Awards Ceremony.
  Presentation by Lucy Fallon-Byrne, Director, NCPP

**Cruinnithe de chuid Chomhairle an INCF 2009**

- Tháinig an INCF le chéile cúig huaire in 2009:
- Cruinniú de chuid Chomhairle an INCF, 15 Eanáir 2009
- Cruinniú de chuid Chomhairle an INCF, 19 Márta 2009
- Cruinniú de chuid Chomhairle an INCF, 21 Bealtaine 2009
- Cruinniú de chuid Chomhairle an INCF, 16 Iúil 2009
- Cruinniú de chuid Chomhairle an INCF, 15 Deireadh Fómhair 2009

# 6. Beartais Chuntasaíochta NESDO

**Coinbhinsiún an Chostais Stairiúil**

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir cleachtas cuntasaíochta coitianta mura bhforáiltear a mhalairt.

**Aithint Ioncaim**

Aithnítear cúnamh deontais ó Roinn an Taoisigh sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fáltas airgid . Aithnítear ioncam ó dhíolachán foilseachán agus Ioncam Comhdhála nuair a eisítear sonrasc. Má éiríonn sé soiléir go bhfuil seans ann nach dtiocfadh an t-airgead isteach, déantar foráil le haghaidh fiachas amhrasach. Téann NESDO isteach i dtionscadail chomh-mhaoinithe le heagraíochtaí eile a d'fhéadfadh a bheith ar an saol go ceann níos mó na bliain. Aithnítear an t-ioncam seo ar bhonn fáltas airgid.

**Airgeadra Coigríche**

Taifeadadh idirbhearta in airgeadra seachas an Euro ag rátaí ceannasacha ag dáta na n-idirbheart nó ag dáta conraithe. Aistrítear sócmhainní airgeadúla agus fiachais go hEuro ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag dáta conraithe. Deileáiltear le difríochtaí malairte i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais.

### Sócmhainní Inláimhsithe

Tá Sócmhainní Inláimhsithe sonraithe ag costas lúide dímheas carnach. Déantar áireamh ar dhímheas chun costas na sócmhainní inláimhsithe a dhíscríobh dá luachanna iarmharacha measta thar a saolta úsáideacha measta ag gálaí bliantúla cothroma.

Is iad seo a leanas na saolta úsáideacha measta de shócmhainní inláimhsithe trí thagairt ar a rinneadh áireamh dímheasa: Troscán: 10 mbliana; Trealamh: 5 bliana.

### Aoisliúntas

Tá an scéim aoisliúntais do NESDO á ceadú ag an Taoiseach i láthair na huaire le comhthoiliú ón Aire Airgeadais.

Tá cúigear ball foirne ar iasacht ó Ranna Rialtais eile. Eisíonn na Ranna Rialtais ábhartha sonrasc do NESDO i dtaca le Tuarastal, PRSI Fostóra agus aoisliúntas. Fabhraítear na sonraisc seo ar bhonn míosúil agus gearrtar iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Glacann an Roinn ábhartha freagracht d'fheidhm an phárolla agus an aoisliúntais a bhaineann leis na baill fhoirne seo.

Táthar ag feitheamh go ndéanfar na socruithe deireanacha do scéim aoisliúntais an ONFES, agus go ndéanfaidh an Taoiseach iad a fhaomhadh ina dhiaidh sin. Is mar gheall air sin nach bhfuil forálacha FRS 17 curtha i bhfeidhm ag an mBord.

# 7. Ráiteas Airgeadais

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2009*

*Nóta:
Níor rinneadh iniúchadh fós ar an Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.
**Cuireann an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais gach brabús agus caillteanas aitheanta sa bhliain san áireamh.**
Tagann an t-ioncam agus an caiteachas go léir ó ghníomhaíochtaí leanúnacha.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

| | Nóta | 2009<br>€ | 2008<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas i gcabhair ón Oireachtas | 1 | 3,401,066 | 5,371,173 |
| Ioncam Eile | 2 | 77,061 | 83,988 |
| | | 3,478,127 | 5,455,161 |
| Aistriú ón/(go dtí an) Cuntas Caipitil | 11 | 34,481 | (94,912) |
| | | **3,512,608** | **5,360,249** |
| **Caiteachas** | | | |
| Pá agus Tuarastail | 3 | 2,230,682 | 2,363,562 |
| Costais Eile Oibriúcháin | 5 | 1,844,220 | 2,903,591 |
| Dímheas | 6 | 44,235 | 44,336 |
| | | **4,119,137** | **5,311,489** |
| (Dímheas)/ Barrachas don bhliain | | (606,529) | 48,761 |
| Iarmhéideanna aistrithe amhail 1 Eanáir 2009 | | **872,194** | **823,434** |
| Iarmhéid a tugadh ar aghaidh | 9 | **265,665** | **872,194** |

## Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2009

| | Nóta | 2009<br>€ | 2008<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Inláimhsithe** | 6 | 122,196 | 156,676 |
| **Sócmhainní Reatha:** | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 7 | 31 | 21,943 |
| Iarmhéid sa Bhanc agus Airgead Tirim | 10 | 419,071 | 1,208,024 |
| | | 419,102 | 1,229,967 |
| **Dliteanais Reatha:** | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhrú | 8 | 153,437 | 357,773 |
| **Sócmhainní / (Dliteanais) Ghlana Reatha** | | 265,665 | 872,194 |
| **Sócmhainní Glana Iomlána** | | **387,861** | **1,028,870** |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| an Cuntas Caipiteal | 11 | 122,196 | 156,676 |
| an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 9 | 265,665 | 872,194 |
| | | **387,861** | **1,028,870** |

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim

| | Nóta | 2009<br>€ | 2008<br>€ |
|---|---|---|---|
| *Réiteach idir an barrachas agus airgead tirim glan (airgead amach)/airgead isteach as gníomhaíochtaí oibriúcháin* | | | |
| **Barrachas don bhliain** | | (606,529) | 48,761 |
| **Táille Dímheasa** | | 44,235 | 44,336 |
| **Méadú/(Laghdú) ar Fhéichiúnaithe** | | 21,912 | (2,669) |
| **Laghdú ar Chreidiúnaithe** | | (204,336) | (41,217) |
| *Airgead Tirim Glan (Amach)/ Isteach as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin* | | **(744,718)** | **49,210** |
| **Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim** | | | |
| *Airgead Tirim Glan (Amach)/ Isteach as gníomhaíochtaí oibriúcháin* | | (744,718) | 49,210 |
| **Caiteachas Caipitil** | 11 | (9,755) | (139,248) |
| **(Laghdú)/ Méadú ar an gCuntas Caipitil** | 11 | (34,480) | 94,912 |
| **(Laghdú)/ Méadú ar Airgead Tirim sa bhliain** | | **(788,953)** | **4,874** |
| **Réiteach idir sreabhadh airgid thirim agus gluaiseacht chistí glana (Nóta 10)** | | | |
| **(Laghdú)/ Méadú ar Airgead Tirim sa bhliain** | | (788,953) | 4,874 |
| **Cistí Glana amhail 1 Eanáir 2009** | | 1,208,024 | 1,203,150 |
| **Cistí Glana amhail 31 Nollaig 2009** | | **419,071** | **1,208,024** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
# Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

| | 2009 € | 2008 € |
|---|---|---|
| **1 Tarraingt Anuas Ioncaim ó Dheontas an Oireachtais** | | |
| Tarraingt anuas ioncaim ó Dheontas an Oireachtais | **3,401,066** | **5,371,173** |

| | 2009 € | 2008 € |
|---|---|---|
| **2 Ioncam Eile** | | |
| Ioncam Comh-mhaoinithe | 73,859 | 60,033 |
| Díolachán Foilseachán | 1,148 | 2,670 |
| Ús Bainc | 1,419 | 7,356 |
| Ioncam ó Chomhdháil agus Ioncam Éagsúil | 635 | 13,929 |
| | **77,061** | **83,988** |

| | 2009 € ONFES | 2009 € CNES | 2009 € FNES | 2009 € INCF | 2009 € Iomlán ONFES | 2008 € Iomlán ONFES |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **3 Pá agus Tuarastail** | | | | | | |
| Pá agus Tuarastail | 358,984 | 876,600 | 300,854 | 542,293 | 2,078,731 | 2,181,925 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | 952 | 79,705 | 23,569 | 47,724 | 151,951 | 181,637 |
| | **359,937** | **956,306** | **324,423** | **590,017** | **2,230,682** | **2,363,562** |
| Ba é meánlíon na bhfosaithe le linn na bliana: | | | | | 24 | 30 |

Fuair comhaltaí Boird, Peter Cassells agus Maureen Gaffney, €81,986 agus €81,146 faoi seach mar chúiteamh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009, i dtaca lena róil mar Chathaoirligh Fheidhmiúcháin ar an INCF agus ar an FNES, faoi seach. Tá an cúiteamh seo de réir an Achta um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta. Ní bhfuair cathaoirleach an Bhoird, Dermot McCarthy, aon chúiteamh sa tréimhse seo.

| | 2009 € | 2008 € |
|---|---|---|
| **4 Pinsean** | | |
| Tá an méid seo a leanas san áireamh i bpá agus i dtuarastail i nóta 3: | | |
| Ranníocaíochtaí fostaithe leis an scéim pinsean | 114,050 | 9,870 |

Oibríonn an chuideachta pinsean stáit atá maoinithe go seachtrach a chlúdaíonn gach fostaí de chuid na cuideachta go substaintiúil.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009
*ar leanúint*

| | 2009<br>€<br><br>ONFES | 2009<br>€<br><br>CNES | 2009<br>€<br><br>FNES | 2009<br>€<br><br>INCF | 2009<br>€<br>Iomlán<br>ONFES | 2008<br>€<br>Iomlán<br>ONFES |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **5 Costais Oibriúcháin** | | | | | | |
| Táillí Comhairliúcháin | 4,473 | 6,000 | 74,204 | 142,442 | 227,120 | 562,329 |
| Clódóireacht agus Foilseacháin | 28,431 | 40,795 | 41,790 | 364,943 | 475,959 | 267,103 |
| Taisteal agus Liúntais Chothaithe | 209 | 7,374 | 19,354 | 12,485 | 39,422 | 99,075 |
| Comhdhálacha agus Seimineáir | (256) | 19,598 | 85,929 | 9,828 | 115,098 | 286,677 |
| Costais Earcaíochta | - | - | - | - | - | 45,003 |
| Oiliúint | 16,087 | 18,827 | 9,193 | 13,031 | 57,138 | 76,391 |
| Postas, Tacsaithe agus Teachtairí | 31,895 | - | - | - | 31,895 | 56,086 |
| Seirbhísí Leabharlainne | 27,361 | 62 | 4 | 657 | 28,084 | 56,646 |
| Fógraíocht agus Caidreamh Poiblí | 376 | 565 | 8,297 | - | 9,238 | 469,529 |
| Riarachán | 1,111 | 143 | 163 | 251 | 1,669 | 5,519 |
| Táillí Gairmiúla | 41,007 | - | - | - | 41,007 | 81,659 |
| Gutháin | 30,638 | - | - | - | 30,638 | 62,389 |
| Stáiseanóireacht | 23,902 | - | - | 5,591 | 29,494 | 78,107 |
| Costais FT agus don suíomh gréasáin | 92,777 | 3,483 | 5,432 | 6,937 | 108,629 | 88,217 |
| Cíos agus Táillí Seirbhíse | 647,712 | 60 | 518 | 540 | 648,830 | 668,861 |
| | **945,723** | **96,907** | **244,883** | **556,707** | **1,844,220** | **2,903,591** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
# Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

*ar leanúint*

| | Trealamh € | Troscán € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| **6 Sócmhainní Inláimhsithe** | | | |
| **Costas** | | | |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2009 | 346,622 | 85,668 | 432,290 |
| Rudaí Breise | 2,439 | 7,316 | 9,755 |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2009 | **349,061** | **92,984** | **442,045** |
| **Dímheas** | | | |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2009 | 219,052 | 56,562 | 275,614 |
| Táille don bhliain | 34,878 | 9,357 | 44,235 |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig | **253,930** | **65,919** | **319,849** |
| **Glanluach leabhar** | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2008 | **127,570** | **29,106** | **156,676** |
| Amhail 31 Nollaig 2009 | **95,131** | **27,065** | **122,196** |

| | 2009 € | 2008 € |
|---|---|---|
| **7 Féichiúnaithe** | | |
| Féichiúnaithe Éagsúla | **31** | **21,943** |
| **8 Creidiúnaithe** | | |
| Creidiúnaithe Trádála | 29,503 | 51,335 |
| Fabhrú | 20,953 | 212,611 |
| Ioncam | 102,981 | 93,827 |
| | **153,437** | **357,773** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
# Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

*ar leanúint*

| | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| | € | € |

## 9 Cúlchistí Ioncaim agus Caiteachais (Barrachas/(Dímheas)

*Tá an Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais atá nochtaithe ar an gClár Comhardaithe comhdhéanta den mhéid seo a leanas:*

| | 2009 € | 2008 € |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna aistrithe amhail 1 Eanáir | 872,194 | 823,434 |
| Barrachas/ (Dímheas) don bhliain | (606,529) | 48,761 |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig | **265,665** | **872,194** |

San áireamh in iarmhéid aistrithe an ONFES amhail 1 Eanáir 2009 bhí méid réamhíoctha a bhaineann le Tionscadal FuturesIreland agus leis an bhFeachtas Feasachta Poiblí. Fuarthas an t-ioncam don dá thionscadal seo in 2007 ach is in 2008 agus in 2009 a caitheadh é..

## 10 Iarmhéideanna Airgid Thirim agus sa Bhanc

| | 2009 € | 2008 € |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna i gCuntais Reatha | 66,651 | 117,179 |
| Iarmhéideanna i gCuntais Éarlaise | 352,116 | 957,402 |
| Airgead ar Láimh | 304 | 332 |
| Cuntais Eile | - | 133,112 |
| | **419,071** | **1,208,024** |

## 11 Cuntas Caipitil

| | 2009 € | 2008 € |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna aistrithe amhail 1 Eanáir | 156,676 | 61,764 |
| *Aistriú go dtí Ioncam agus Caiteachas* | | |
| Ioncam ar baineadh úsáid as le Sócmhainní Seasta a cheannach | 9,755 | 139,248 |
| Amúchadh de réir dímheasa | (44,235) | (44,336) |
| | **(34,480)** | **94,912** |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig | **122,196** | **156,676** |

## 12 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne Bord an ONFES na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar 21 Meitheamh 2010

## Aguisín 1 Comhaltaí Boird an ONFES

- Dermot McCarty, Roinn an Taoisigh (Cathaoirleach)
- Mary Doyle, Roinn an Taoisigh (Leas-Chathaoirleach)
- Philip Kelly, Roinn an Taoisigh
- Maureen Gaffney, Cathaoirleach, FNES
- Peter Cassells, Cathaoirleach, INCF

Príomhoifigeach an ONFES, Rory O'Donnell

## Aguisín 2 Comhaltaí Chomhairle an CNES

Is iad seo a leanas na daoine a ainmníodh don Chomhairle nua 2007–2010:

- Dermot McCarthy (Cathaoirleach)
- Mary Doyle (Leas-Chathaoirleach)

### 5 chomhalta as réimse an ghnó agus as fostóirí

- Danny McCoy, Ard-Stiúrthóir, IBEC
- Tony Donohoe, Ceann Taighde, IBEC
  (a tháinig in áit Turlough O'Sulllivan, Meán Fómhair 2009)
- Siobhán Masterson, Feidhmeannach Sinsearach Polasaithe, IBEC
  (a tháinig in áit Aileen O'Donoghue, MF 2008)
- Tom Parlon, Ard-Stiúrthóir, CIF
  (replaced Mr. Liam Kelleher, July 2008)
- John Dunne, Príomhfheidhmeannach, Chambers Ireland

Comhaltaí malartacha:

- Geraldine Anderson, IBEC,
  (a tháinig in áit Tony Donohoe, Meán Fómhair 2009)
- Fergal O'Brien, Eacnamaí Sinsearach, IBEC
- Brendan Butler, Stiúrthóir Gnóthaí Straitéise, Trádála, AE agus Idirnáisiúnta
- Rowena Dwyer, CIF
- Peter Stafford, CIF (a d'éirigh as i mí Dheireadh Fómhair 2009)

### 5 chomhalta as réimse na Feirmeoireachta agus na Talmhaíochta

- Eddie Punch, Ard-Rúnaí, ICSA
- Séamus O'Donohoe, Rúnaí, ICOS
- Ciarán Dolan, Ard-Rúnaí, ICMSA

- Pat Smith, Ard-Rúnaí, IFA (a tháinig in áit Michael Berkery, Bealtaine 2009)
- Edmond Connolly, Príomhoifigeach Feidhmeannach,
  (a tháinig in áit Choilm Markey, Márta 2009)

Comhaltaí malartacha:

- Malcolm Thompson, Uachtarán, ICSA
- John Tyrrell, Ard-Stiúrthóir, ICOS
- Derry Dillon, Oifigeach Polasaithe Talmhaíochta, Macra na Feirme

**5 chomhalta ón réimse Pobail agus Deonach**

- An tAth Seán Healy, CORI
- Séamus Boland, Irish Rural Link
- John Dolan, Cónaidhm na hÉireann um Míchumas
- Bríd O'Brien, Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe
- Orla O'Connor NWCI
  (a tháinig in áit Camille Loftus, OPEN, Meitheamh 2009)

Comhaltaí malartacha:

- James Doorley, Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
- Karen Murphy, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
  (ar saoire mháithreachais go dtí mí Eanáir 2008)
- Deirdre Garvey, The Wheel
- Liam O'Dwyer, an Chónaidhm um Chearta Leanaí

**5 comhalta ó na Ceardchumainn**

- Peter McLoone, Ard-Rúnaí, IMPACT
- David Begg, Ard-Rúnaí, ICTU
- Sally Anne Kinahan, Leas-ArdRúnaí, ICTU
- Jack O'Connor, Uachtarán, SIPTU
- Manus O'Riordan, Eacnamaí, SIPTU

Comhaltaí malartacha:

- Brendan Hayes, Leas-Uachtarán, SIPTU
- Esther Lynch, Oifigeach Gnóthaí Reachtaíochta agus Sóisialta, ICTU

**5 chomhalta arna ainmniú ag an Taoiseach**

- An Dr Seán Barrett, Coláiste na Tríonóide
- An tOllamh Elizabeth Meehan, Ollscoil na Banríona
- Oisín Coghlan, Cáirde na Cruinne
- Con Lucey, IFA (a d'éirigh as i Meitheamh 2009)
- An tOllamh Peter Clinch, Coláiste na hOllscoile, Bhaile Átha Cliath
  (a d'éirigh as i Meitheamh 2008)

### Ard-Rúnaithe

- David Doyle, An Roinn Airgeadais
- Seán Gorman, An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta
- Bernadette Lacey, An Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh
- Geraldine Tallon, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- Brigid McManus, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Comhaltaí malartacha don Roinn Airgeadais:

- Michael McGrath
- John O'Connell

Stiúrthóir an CNES, an Dr Rory O'Donnell

## Aguisín 3 Comhaltaí an FNES

- Maureen Gaffney (Cathaoirleach)
- Mary Doyle (Leas-Chathaoirleach)

### Sraith 1: Oireachtas

Fianna Fáil

- John Curran TD
- Michael McGrath TD
- Cyprian Brady TD
- Seán Ardagh TD
- An Seanadóir Brian Ó Domhnaill
- An Seanadóir Geraldine Feeney
- An Seanadóir Marc McSharry TD

Fine Gael

- Dan Neville TD
- Terence Flanagan TD
- An Seanadóir Paul Coghlan
- An Seanadóir Jerry Buttimer

Páirtí an Lucht Oibre

- Seán Sherlock TD
- Willie Penrose T.D.

An Comhaontas Glas:

- An Seanadóir Dan Boyle

Neamhspleách:

- An Seanadóir Rónán Mullen

### Sraith 2: Eagraíochtaí Fostóirí/Feirmeoireachta/Ceardchumainn

Eagraíochtaí Fostóirí/Gnó:

- Danny McCoy, IBEC
- Tony Donohoe, IBEC
- Patricia Callan, Comhlachas na nGnólachtaí Beaga
- An Dr Peter Stafford, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- Seán Murphy, an Comhlachais Thráchtála /Tionscal Turasóireachta /Cumann Onnmhaireoirí

Ceardchumann:

- Eamon Devoy, An Ceardchumann Innealtóireachta Teicniúla agus Leictreach
- Blair Horan, Ceardchumann na Státseirbhíse agus na Seirbhísí Poiblí
- Jerry Shanahan, AMICUS
- Manus O'Riordan, SIPTU
- Esther Lynch, ITCU

Eagraíochtaí Talmhaíochta/Feirmeoireachta:

- Michael Berkery, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
- Michael Doody, Cumann Soláthróirí Bainne na hÉireann
- Emer Duffy, Cumann Comhar-Eagraíochtaí na hÉireann
- Catherine Buckley, Macra na Feirme
- Carmel Dawson, Bantracht na Tuaithe:

### Sraith 3: An Earnáil Phobail agus Dheonach

Gnéas

- Órla O'Connor, Comhairle Náisiúnta na mBan

Tithíocht

- Karen Murphy, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta

Margadh Oibre

- Kathleen McCann, Líonra Ionaid na Comhdhála

Anailís Shóisialta

- An tSiúr Brigid Reynolds SM, CORI

An Bochtanas

- John-Mark McCafferty, Cumann Naomh Uinseann de Pól

Óige/Leanaí

- Marie Claire McAleer, NYCI
- Jillian van Turnhout, An Chónaidhm um Chearta Leanaí

Seandaoine

- Maireád Hayes, Parlaimint na Seanóirí /Age Action

Míchumas/Cúramóirí

- Joanne McCarthy, Cónaidhm na hÉireann um Míchumas
- Frank Goodwin, Cumann na gCúramóirí

Sraith Tuaithe/Áitiúil

- Séamus Boland, Irish Rural Link

Deonach/Líonra

- Frances Byrne, Ardán Pobail
- Ivan Cooper, The Wheel

Eile

- Maria Joyce, Fóram Náisiúnta na mBan-Taistealaithe
- Stavros Stavrou, Imeascadh na hÉireann

**Sraith 4: Rialtas Lárnach, Rialtas Áitiúil agus Neamhspleách**

Rialtas Lárnach

- Ard-Rúnaí, An Roinn Airgeadais
- Ard-Rúnaí, An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta
- Ard-Rúnaí, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- Ard-Rúnaí, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- Ard-Rúnaí, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Rialtas Áitiúil

*Ard-Chomhairle na gComhairlí Contae*

- An Comhairleoir Ger Barron
- An Comhairleoir Constance Hanniffy
- An Comhairleoir Mattie Ryan

*Cumann na nÚdarás Bardasach*

- An Comhairleoir Paddy O'Callaghan

*Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil*

- An Comhairleoir William Ireland

Neamhspleách

- An tOllamh Colm Harmon, Institiúid Geary, Coláiste na hOllscoile, BÁC
- An tOllamh Mary P. Corcoran, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad
- Marie Carroll, Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath
- An tOllamh Rose Ann Kenny, Coláiste na Tríonóide, BÁC
- Cáit Keane

Stiúrthóir an FNES, Seán Ó hÉigeartaigh

# Aguisín 4 Comhaltaí Chomhairle an INCF

- Peter Cassells (Cathaoirleach)

### Ranna Rialtais

- Philip Kelly, (Leas-Chathaoirleach), Roinn an Taoisigh
- Brendan Duffy, An Roinn Airgeadais
- Dermot Curran, Roinn an Taoisigh

### Fostóirí

- Brendan McGinty, IBEC
- Mary Connaughton, IBEC
- Eddie Keenan, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- Irene Canavan, Arnotts Ltd

### Ceardchumainn

- Fergus Whelan, ICTU
- Jerry Shanahan, AMICUS
- Catherine Byrne,
- Gerry McCormack, SIPTU

### Neamhspleách

- An tOllamh Joyce O'Connor, an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach
- An Dr Catherine Kavanagh, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh
- Dorothy Butler Scally, Littlemore

Stiúrthóir an INCF, Lucy Fallon-Byrne